mhallachtaí agus dá ndírídís ar a chéile do spídeadh, do chuirfeadh a nglór agus a dteanga fiaiseacht ar phiastaíbh na farraige. Sin mar a bhí ag an seandream ina gcuirimis tathaint ar ghrá a dteanga do chlos le sult agus le greann. Go ndeine Dia níos fearr dóibh ar thaobh thall na teorann. Bhí uaisleacht, fiántas, neart agus féile ina gcuid fola go léir.

CAILÍS CHLÉIRE

Mar a chíonn duine bhí saol fada trioblóideach ag an mainistir úd Tigh Molaige agus is mó gábh dá ndeachaigh sí tríd go dtí ná raibh inti in aimsir Sheáin Uí Choileáin ach 'fothrach fuar agus fora fiar ar a thaobh is cian ó cuireadh a cló'. Stair na mainistreach úd ní suim liomsa i láthair na huaire ach sa mhéid úd a bhaineann leis an gcailís a bhí ar taispeáint in iarsmalann Chléire i ndeireadh Lúnasa le linn a hoscailte. Ní raibh duine i láthair nár fhéach uirthi agus is é mo thuairim láidir gurb é ba shuim leis an gcuid is mó díobh gur i gCléire a aimsíodh í timpeall na bliana 1850 nó mar sin.

Fiafraítear an cheist conas a tháinig sí go Cléire agus gur fhan sí ann ar feadh na mblianta - b'fhéidir ceithre fichid blian nó níos mó gan fhios do phobal an oileáin nó conas nár scéith an discréid trí phóstaíocha agus cairdisí eile a leagann daoine isteach i saol rúnda a chéile ó am go ham. Fós, má bhí a fhios ag gnáthphobal an oileáin go raibh a leithéid ann conas nár scéitheadh an scéal ag duine ar bith? Arís, murach go raibh fios éigin air i measc an phobail conas gur fhás na scéalta fúithi ar chonas a tháinig sí le bheith ann agus nár mar a chéile aon dá scéal díobh.

Gan trácht air sin ar aon chor do bhí sé ráite go raibh 'bráthair' ar a theitheadh i gCléire uair éigin i lár na hochtú haoise déag agus go raibh sé ag fanúint i dtigh Éabhair Mhóir Uí Dhrisceoil. Agus arís ní raibh a fhios ag na hoileánaigh go léir gur bráthair nó manach a bhí ann ar aon chor mar gur shíl daoine áirithe go mba bhean é agus go dtugaidís sonc do Éabhar Mór an bhean an-aithnid do bheith de shíor ina chuideachtain ag siúl na gcnoc. An féidir ná raibh aon chur amach ag cuid de na hoileánaigh ar éide na manach? Ní raibh an focal 'manach' sa chaint acu ar aon chor. 'Bráithre' nó 'bráthair' a bhí acu. Féach Trá na mBráthar in Inis Earcáin agus Leaca na mBráthar lámh le Cuas an Dúglais ar thaobh thoir Chéire.

Anois arbh fhéidir gurbh é an bráthair úd a thug an Chailís úd go Cléire agus a fhág ann í? Ní luaitear léi é ná níl fios a ainme ag éinne ná ní raibh chomh fada agus a chloisim ó sheanduine le linn m'óige. Deirtear nuair a inseadh don Athair Léadar go raibh an bosca úd faoin ndíon go ndúrthas leis gur sagart a chuir ann é agus go ndúirt sé le muintir an tí gan baint leis an mbosca úd go dtioc-

fadh sé féin dá iarraidh arís - ní nár dhearnaigh. Bhí an tAthair Léadar so ina shagart paróiste ar an Ráth timpeall na bliana 1850.

Scéal eile ina thaobh a instí go raibh na daoine seo ó Chléire ag iascach ina húcaeir amach ón Staca nó Dhún na Séad agus gur tháinig an bád beag chuchu san oíche agus triúr fear inti ag lorg iad do thabhairt go háit éigin sábhálta mar go raibh an tóir ina ndiaidh. Is é an chéad rud a cuireadh sa húcaeir an bosca so agus ar a fheiscint do na hiascairí deirtear gur shíleadar go rabhadar saibhir go deo anois nó riamh - bosca óir agus ollmhaithis, ní nach ionadh. An bosca ina seilbh do scaoileadh an bád beag agus na fir a bhí inti le sruth agus seo abhaile an húcaeir leis an ór. Ach nuair a osclaíodar an bosca agus chonacadar cad do bhí ann gur ghlac sceoin iad agus dhún cách a bhéal agus cuireadh an bosca faoin ndíon go dtí an lá *Stations* úd, nuair a tógadh anuas é. Bhí na héadaí Aifrinn ina gcadhain ach bhí an chailís slán.

Bhí scéal eile gur triúr a casadh leo i mbád beag san oíche, agus go raibh beirt díobh marbh agus an bosca so acu eatarthu. Tógadh an fear beo agus an bosca ar bord agus gur mar sin a tháinig Cailís Thigh Molaige go Cléire.

Ní nach ionadh san, ní bhíonn an ceart ar fad in aon scéal ná tuairisc a bhíonn ag dul ó bhéal go béal mar níos minicí ná rud eile cuireann gach scéalaí a bhlas féin ar an méid a bhíonn le rá aige sa chás i ndeireadh na dála nach féidir bheith muiníneach as ar fad.

Bíodh gach rud mar atá anois, ní dóigh liom go bhféadfaidh staraithe go deo teacht ar an scéal ceart iomlán, a fhágfaidh sinn go léir gan an fios iomlán lenár linn.

AN IARSMALANN

Bhíos ag caint an lá faoi dheireadh ar an sean-nós agus dála sin ní de réir an litrithe sin a fhuaimnímid an focal ar aon chor ach 'seana-nós', díreach mar a deirimid 'seana-bhalcais', 'seana-bhróg' agus mar sin de. Is dóigh liom gurb é an t-aon bhall amháin a bhfuil an 'sean' againn ná 'seanduine'. Is 'seana-bhean' a bheadh againn, ámh.

Agus mé ag caint mar seo ní féidir liom gan tagairt dár seanrudaí agus go háirithe an cnuasach breá díobh atá bailithe isteach inár n-iarsmalann. Ar ndóigh is seanscoil atá ann - an chéad scoil náisiúnta dá raibh ar an oileán agus ba thráthúil é gur inti atá ár n-iarsmaí anois bailithe. Níor tharlaigh sé seo thar oíche. Tá blianta oibre curtha isteach ann.

Nuair a bhuail an smaoineamh sinn ar dtúis an seanchabhlach a chur arís i gcló a chéile agus an rud seo a dhéanamh de is tarcaisne agus neamothacht a fuaireamar ónár muintir féin; ach de réir a chéile chuaigh an smaoineamh abhaile ar dhuine thall agus abhus